
# Acmhainn Oideachais
## do Scoileanna

Cuireann **Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch** bileoga oibre ar fáil lena n-úsáid in éineacht leis an bpaca acmhainní oideachais seo a fhéachann go sonrach ar phríomhghnéithe an churaclaim scoile. Tá siad seo ar fáil saor in aisce.

Chun tuilleadh eolais a fháil, cuir glaoch ar **046 940 7156** nó seol ríomhphost chuig **glendaloughbookings@opw.ie**

© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch






# Réamhrá

**Mar a thugann an t-ainm le fios, ciallaíonn an focal Béarla 'Glendalough' gleann dhá loch.** Is U-ghleann é Gleann Dá Loch a foirmíodh thart ar 20,000 bliain ó shin ag deireadh na hoighearaoise is déanaí. Ba iad eibhear agus míocaisiosta na príomhcharraigeacha a sil-leagadh ann. Tá dhá loch oighrithe ar urlár an ghleanna. Ritheann dhá abhainn trí Ghleann Dá Loch ar a dtugtar Abhainn Ghleann Abhlach agus Abhainn Ghleann Dasáin.

Tháinig Naomh Caoimhín go Gleann Dá Loch sa 6ú hAois agus bhunaigh sé Mainistir Luath-Chríostaí. Ceaptar gur rugadh Naomh Caoimhín sa bhliain 498 agus go bhfuair sé bás sa bhliain 618, mar sin deirtear gur mhair Caoimhín go raibh sé 120 bliain d'aois!




Nuair a shroich Naomh Caoimhín Gleann Dá Loch theastaigh uaidh a shaol a chaitheamh mar dhíthreabhach. Chaith sé blianta ina chónaí i measc na n-ainmhithe agus gar don dúlra (i bhfad ó dhaoine den chuid is mó!) Creidtear gur chaith Naomh Caoimhín roinnt dá chuid ama ina phluais in aice le Teampall na Sceilge, ar a dtugtar Leaba Naomh Caoimhín. Tá an phluais seo de dhéantús an duine agus snoite as aghaidh na haille. Is é an 3ú Meitheamh Lá Fhéile Chaoimhín.

© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch

# Miotaseolaíocht agus Finscéalaíocht faoi Naomh Caoimhín




## Naomh Caoimhín agus an Lon Dubh



Tá go leor miotas agus seanscéalta faoi Naomh Caoimhín. Is é an scéal is mó le rá ná an scéal faoi Naomh Caoimhín agus an lon dubh. De réir an tseanscéil, bhí Naomh Caoimhín ina sheasamh ag guí ag an loch uachtarach lá amháin agus a lámha sínte amach nuair a thuirling lon dubh ina láimh. Thóg an lon dubh a nead agus rug sí a cuid uibheacha agus d'fhan Naomh Caoimhín sa loch ar feadh tamall fada go dtí go raibh na héin in ann eitilt.

## Naomh Caoimhín agus Cloch an Fhia

Lá amháin, fuair bean chéile duine de na fir oibre sa mhainistir bás agus í ag tabhairt cúpla ar an saol. Ní raibh an fear oibre in ann aire a thabhairt do na leanaí agus, mar sin, thug sé chuig na manaigh iad chun aire a thabhairt dóibh. D'iarr na manaigh cabhair ar Naomh Caoimhín. Ghuigh Naomh Caoimhín chun Dé agus an mhaidin dár gcionn tháinig fia fiáin anuas ó Shliabh an Doire Bháin agus lig an fia dó í a chrú isteach i log cloiche. D'fhill an fia gach lá go dtí go raibh na leanaí den scoite. Tá an chloch fós ar an mBóthar Glas sa lá atá inniu ann agus tugtar Cloch an Fhia uirthi.



## Naomh Caoimhín agus Caitlín



Bhí bean óg darbh ainm Caitlín a thit i ngrá le Naomh Caoimhín agus ní ligeadh sí dó féin é. Insíonn scéal amháin dúinn gur lean sí Caoimhín isteach ina phluais agus gur bhrúigh sé isteach sa loch í agus bádh í. Insíonn an leagan eile den scéal seo dúinn gur bhuail sé í le neantóga, go ndearna sí aithrí ina peacaí agus go ndeachaigh sí isteach i gclochar!

© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch

# Séadchomharthaí i nGleann Dá Loch

Tógadh eaglaisí le linn aimsir Naomh Caoimhín as adhmad agus mar sin níl siad ina seasamh inniu. Le linn an 11ú hAois méadaíodh an mhainistir go mór. **Seo iad na foirgnimh a bheidh le feiceáil ar do chuairt ar Ghleann Dá Loch.**





## An Teach Geata agus Cloch an Tearmainn

Ba é an Teach Geata an príomhbhealach isteach sa phríomh-mhainistir. Is é an t-aon teach geata luath-mheánaoiseach atá fós in Éirinn! Tá dhá áirse ann a bhfuil clocha láir ar a dtugtar eochairchlocha mar thaca leo. Seans go raibh díon adhmaid ar an teach geata ar dtús. Díreach taobh istigh den teach geata tá cloch mhór. Tugtar Cloch an Tearmainn ar an gcloch seo agus tá cros snoite uirthi. Thug Cloch an Tearmainn le fios do chuairteoirí go raibh siad ag dul isteach in áit shábháilte agus go mbeadh orthu cloí le rialacha na heaglaise.

## An Cloigtheach

Creidtear gur tógadh an Cloigtheach go luath sa 12ú hAois. Tá sé 30 méadar ar airde. Tá an doras 3.5 méadar ón talamh. Bhí 6 urlár adhmaid istigh sa túr ar dtús agus iad ceangailte le dréimirí. Tá ceithre fhuinneog ar an urlár uachtarach ag oscailt ó thuaidh, ó dheas, soir agus siar. Mar a thugann an t-ainm le fios, tógadh na foirgnimh seo go príomha mar chloigthithe. Uaireanta úsáideadh mar stóras nó mar áiteanna tearmainn le linn ionsaithe iad, ach níorbh iad na háiteanna ba shábháilte le dul i bhfolach i gcónaí!



© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch



## An Ardeaglais

Tugtar Ardeaglais Naomh Peadar agus Pól ar an Ardeaglais agus is í an eaglais is mó i nGleann Dá Loch. Ba í an Ardeaglais an príomhionad adhartha. Tógadh de réir a chéile í; tógadh corp na heaglaise agus a pasáiste sa chéim is luaithe. Tógadh an Saingeal agus an sacraistí go déanach sa 12ú haois agus go luath sa 13ú haois. Tá poill bheaga sna ballaí ar a dtugtar poill 'puitleoige'. Choinnigh na poill seo an t-adhmad uair amháin don scafall a chabhraigh leo na ballaí arda a thógáil.



## Cros Chaoimhín

Is Cros Cheilteach luath Cros Naomh Caoimhín. Seans gur sheas Cros Cheilteach do Chríostaíocht agus do Phágántacht. Seans gur úsáideadh an dá shiombail seo, an chros agus an ciorcal, chun an dá chreideamh a thabhairt le chéile. Tá Cros Chaoimhín 3.7 méadar ar airde. Seans gur úsáideadh í chun an bhunreilig a mharcáil.




## Eaglais Naomh Caoimhín

Tugtar Cistin Naomh Caoimhín ar Eaglais Naomh Caoimhín freisin. (Chreid daoine tráth gur simléir a bhí sa cloigtheach agus, mar sin, cheap siad go mb'fhéidir gur cistin a bhí san eaglais, ach tá a fhios againn anois gur amuigh faoin aer den chuid is mó a rinneadh an chócaireacht le linn an ama seo). Creidtear gur tógadh an Eaglais timpeall na bliana 1100 agus timpeall céad bliain ina dhiaidh sin cuireadh altóir agus sacraistí léi. Níl an altóir ann sa lá atá inniu ann. Tá díon cloiche agus cloigtheach ar Eaglais Naomh Caoimhín. Is í an t-aon eaglais i nGleann Dá Loch a bhfuil a díon slán inniu mar go raibh díonta adhmaid ar fhormhór na n-eaglaisí eile nach bhfuil tagtha slán.

© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch





# Foirgnimh Eile sa Ghleann

Tá **Teach an tSagairt** suite gar do Chros Chaoimhín agus b'fhéidir go raibh iarsmaí Naomh Caoimhín ann tráth.

Tá **Eaglais Naomh Ciarán** suite gar d'Eaglais Naomh Caoimhín agus níl ach a ballaí ísle caomhnaithe.

Bhí **Eaglais Naomh Mhuire** suite díreach taobh amuigh den phríomhchlós. Seans gur úsáideadh mar eaglais do chuallacht ban í.

Tá **Eaglais na Tríonóide** suite in aice leis an bpríomhbhóthar. Bhí díon cloiche agus cloigtheach uirthi freisin ach thit siad i léig go luath sa 19ú haois.

Tá **Prióireacht Naomh Slánaitheoir** suite lastoir den phríomhshuíomh. Tá sí suite cois na habhann agus tá na snoiteáin Rómhánúla is fearr i nGleann Dá Loch le feiceáil inti.

Tá **Eaglais Rífhearta** suite in aice leis an loch uachtarach. Tá crosa ársa agus marcóirí uaighe sa reilig mórthimpeall uirthi. Seans gur reilig a bhí ann le haghaidh adhlacthaí ríoga.

Tá **Teampall Na Sceilge** ar an Taobh Theas den Loch Uachtarach agus ní féidir teacht air ach le bád. B'fhéidir gurbh é suíomh bunaidh dhíseart Naomh Caoimhín.

© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch


# An Saol i nGleann Dá Loch

Ba lárionad de chumhacht reiligiúnach é Gleann Dá Loch sa 12ú hAois. Bhí daonra an-mhór ag Gleann Dá Loch. Thaistil go leor daoine go Gleann Dá Loch freisin. Thaistil roinnt daoine ar Oilithreacht go Gleann Dá Loch (turas naofa, a rinneadh ar chúis spioradálta) agus ba ionad iontach oideachais é Gleann Dá Loch freisin.



Bhí urnaí an-tábhachtach i saol laethúil na mainistreach. Nuair a bhuail na cloig bhailigh na daoine le haghaidh adhartha. Ba iad 6am, 9am, 12 meán lae, 3pm agus 6pm na hamanna urnaí.

Chónaigh na manaigh i nGleann Dá Loch i gcnuasach tithe sa chlós seachtrach.



Baineadh úsáid as an **Teach Lóistín** chun fáilte a chur roimh dhaoine go Gleann Dá Loch

Ba é an **Teach Screaptra** an áit a ndearna scoláirí agus scríobhaithe lámhscríbhinní.


Dhear agus thóg máistir siúinéir tithe, eaglaisí agus droichid.



Bhí Gleann Dá Loch timpeallaithe ag crainn agus, mar sin, bhí go leor soláthairtí ag na manaigh chun plátaí, bairillí (dá mbeoir agus dá bhfíon!) agus táibléid scríbhneoireachta a dhéanamh. Baineadh úsáid as dair freisin chun na heaglaisí a thógáil.

Bhain gaibhne úsáid as iarann chun sceana agus tairní a dhéanamh. Theilg nó d'oibrigh gaibhneoirí cré-umha, airgead agus ór. Ar na rudaí a d'fhéadfadh a bheith déanta bhí cailísí, cloigíní agus scrínte.

Rinneadh saitsilí, bróga agus criosanna as craiceann na mbó.



# Bia

**Cócaráladh bia amuigh faoin aer den chuid is mó.**

Mhair na manaigh ar tháirgí feirme amhail;

**Bainne** agus **cáis** ó na ba agus **feoil**.

Bhí cearca acu le haghaidh **uibheacha**.

Rug siad ar **iasc** sna haibhneacha in aice láimhe.

D'fhás siad **Oinniúin, Cairéid agus Cabáiste** (glasraí fréimhe).

Bhí **úlla** agus **plumaí** acu ón úllord.

Stóráil siad bia amhail **pónairí agus piseanna agus luibheanna** sa chistin. Bhí roinnt de na táirgí seo ag fás go fiáin san fhoraois.

Ba chuid an-tábhachtach d'aiste bia an phobail iad **eorna agus coirce.** Baineadh úsáid astu chun arán agus brachán a dhéanamh. Baineadh úsáid as caidéal oibre ar an abhainn chun an grán a mheilt.

Bhí coirceoga ag na manaigh ionas go mbeadh **mil** acu. Bhain siad úsáid as céir beach freisin chun táibléid agus coinnle a dhéanamh.



# Daoine a bhí ina gcónaí i nGleann Dá Loch

**An t-Ab:** Ba é an t-Ab ceannaire spioradálta agus ionadaí dlíthiúil an phobail reiligiúnaigh. Thug sé róil oibre do na manaigh. Sa bhliain 1100 ba é Lorcán Ó Tuathail an t-Ab ba cháiliúla.

**An tEaspag:** Bhí an tEaspag an-tábhachtach i luath-eaglaisí na hÉireann. Ba é ceann de na príomhphoist a bhí aige ná an chléir a thraenáil. Ba é Naomh Caoimhín an chéad Easpag ar Ghleann Dá Loch.

**Airchinneach:** Bhí an tAirchinneach freagrach as aire a thabhairt do reáchtáil laethúil na lonnaíochta. Bhí sé freagrach as an airgeadas go léir.

**Na Manaigh:** Bhí cónaí ar na manaigh sa phobal reiligiúnach. Rinne cuid de na manaigh staidéar, rinne cuid acu obair láimhe, agus bhí cuid acu ag obair mar chócaire nó mar gheatóir.

**An Sagart:** Bhí an Sagart freagrach as ministreacht na sacraimintí amhail baisteadh agus adhlacthaí.

**Na Tionóntaí:** Ba ghnáthdhaoine iad na tionóntaí a rinne feirmeoireacht ar an talamh agus a chónaigh gar don lonnaíocht

**Scríobhaí/Scoláire:** Bhí ról an-tábhachtach ag an oideachas i saol na heaglaise. Mhaisigh scríobhaithe lámhscríbhinní naofa a scríobh siad faoi shaol na naomh.

© Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch



Chun tuilleadh eolais a fháil, cuir glaoch ar **046 940 7156**
nó seol ríomhphost chuig **glendaloughbookings@opw.ie**